



9. An Beart a Dhéanamh i dTástálacha Réasúnaíochta Teibí

I dtástáil réasúnaíochta teibí EPSO cuirtear faoi do bhráid sraith fíoracha i seicheamh a leanann roinnt rialacha nach n-insítear duit. Tugtar sraith eile fíoracha (A, B, C, D, E) duit mar fhreagair-roghanna agus caithfidh tusa an ceann ceart a roghnú astu leis an gceist seo a leanas a fhreagairt, mar atá “Cé acu de na fíoracha seo a leanas is ea an chéad fhíor eile sa tsraith?” (nó a leithéid).

Is cinnte go bhféadfadh sé a bheith an-scáfar aghaidh a thabhairt ar a leithéid de thástáil den chéad uair. Is gnách go dtabharfaidh do shúile spleachadh ar chruth na bhfíoracha ar bhonn fánach. Ar deireadh thiar beidh tuairim agat faoi na rialacha féideartha agus ansin breathnóidh tú ar na fíoracha sna freagair-roghanna feiceáil cé acu is fearr a fheileann. Ansin tuigfidh tú go bhfeilfeadh an fhíor a roghnaigh tú go cáiréiseach do phatrún na sraithe dá mbeadh díreach rud amháin pas beag difriúil. Ag an bpointe seo, beidh ort tosú as an nua...

Ach, díreach mar a bhí amhlaidh i gcás tástálacha réasúnaíochta briathartha agus uimhriúla, is féidir torthaí a bhaint amach ar bhonn i bhfad níos iontaoifa agus níos sciobtha má thuigtear na prionsabail atá i gceist agus má fhorbrófar cur chuige córasach i leith a gcur i bhfeidhm.



Mar chuid dá leithéid de chur chuige córasach, déanaimis athbhreithniú ar na cineálacha tástála réasúnaíochta teibí éagsúla ar dtús, atá bunaithe ar an méid seo a leanas:

- úsáid nó seachaint dathanna
- an gaol loighiciúil idir na fíoracha éagsúla, cibé an chuid de shraith nó d’eangach iad, nó an bhfuil fíor amháin ann nach bhfuil teacht leis na cinn eile
- líon na dtoisí sa tástáil (tá tástálacha déthoiseacha agus tréthoiseacha araon ann)

Ar an dea-uair, aithnítear anois go bhfuil cineál tástála réasúnaíochta teibí roghnaithe ag EPSO atá an-dea-shainithe mar atá:

- ní úsáidtear ach íomhanna dubha agus bána (agus imireacha éagsúla liatha orthu, seans)

Seo a leanas gnáthcheist theibí: Cé acu de na fíoracha is ea an chéad fhíor eile sa tsraith?





- ní thugtar ach tástálacha déthoiseacha
- ní úsáidtear ach ceisteanna ar de chineál sraithe iad
- taispeántar cúig mhír den tsraith, agus ní mór don iarrthóir an chéad mhír eile, sin an séú mír, a roghnú
- is gnách go mbíonn cúig fhreagair-rogha (cé go bhféadfaidh EPSO é sin a athrú).

I dtástálacha réasúnaíochta teibí, is í aithint na gcomhpháirteanna an scil is tábhachtaí le foghlaim. Breathnaímis orthu siúd ceann i ndiaidh a chéile:

- Bloic thógála: is iad seo a leanas na buneilimintí comhpháirte a bhíonn i gceist le tástálacha réasúnaíochta teibí:
 - Is iad **cruthanna agus patrúin** na fíor-réada físiúla a úsáidtear leis na fíoracha sa tástáil a chruthú: triantáin, cearnóga, ciorcail agus cruthanna geoiméadracha eile, chomh maith le hairíonna físiúla na réad seo: patrúin stríocacha, patrúin phoncathé nó patrúin ina bhfuil líonadh soladach.
 - Is **oibríochtaí** iad na hathruithe éagsúla físiúla a d'fhéadfadh a theacht ar na réada seo, amhail inbhéartú datha, iolrú, rothlú, athrú ionaid, agus a thuilleadh nach iad.
 - Is **rialacha** iad na tuairiscí téacs-bhunaithe a thugtar ar an ngaol idir na cruthanna/patrúin éagsúla agus na hoibríochtaí a théann i bhfeidhm orthu

Sa chaibidil seo, déanfaimid an méid seo a leanas:

- An chaoi a ndeartar tástálacha réasúnaíochta teibí a chur i láthair: beidh léargas ar an bpróiseas smaointeoireachta a bhíonn taobh thiar de chruthú tástálacha réasúnaíochta teibí an-luachmhar agus tú ar an taobh eile de, is é sin le rá, agus a leithéid de thástálacha á dhéanamh agat
- Na bloic thógála éagsúla ar a mbeidh tú ag tabhairt aghaidh i dtástálacha réasúnaíochta teibí a chur i láthair, mar atá gnáthchruthanna, gnáthphatrúin agus gnáthoibríochtaí
- An chaoi le tabhairt faoi thástálacha réasúnaíochta teibí a phlé
- Leideanna a thabhairt faoin gcaoi ullmhú lena n-aghaidh

Má éiríonn leat bloic thógála de chuid míre tástála a aithint agus na patrúin agus na hoibríochtaí thuas a chuardach go córasach, is amhlaidh a bheidh tú in ann na rialacha a cheap údar na ceiste leis na fíoracha agus na freagair-roghanna a chruthú a aithint go sciobtha.

Mar gheall air sin, beidh tú in ann an fhíor cheart a “ghiniúint” nó a “thuar” i d’intinn fiú gan breathnú ar na freagair-roghanna. Tá an modh seo an-iontaofa mar nach roghnóidh tú ceann de na freagair-roghanna mar fhreagra ceart díreach ar an údar gur cosúil gurb é an rogha is fearr nó is feiliúnaí é: beidh deimhniú neamhspleách agat chomh maith – an fhíor a cheap tú féin bunaithe ar an riail/na rialacha a rinne tú amach.

Cén Chaoi a nDeartar Tástálacha Réasúnaíochta Teibí?

Sa chuid seo, caithfimid spléachadh ar “cheardlann” dearthóirí tástálacha réasúnaíochta teibí agus, trí fhíorshampla tástála a chur i gcás, cuirfimid i láthair an chaoi a ndeartar tástálacha réasúnaíochta teibí.

Mar a dúradh ar ball, is tástálacha den chineál sraithe amháin a úsáideann EPSO ina chuid comórtas. Sa chineál seo tástála réasúnaíochta teibí, iarrtar ar an té atá ag tabhairt faoin tástáil teacht ar fhíor deiridh na sraithe.

Má éiríonn linn an riail a aithint, ní hamháin go mbeimid in ann a dhéanamh amach cé acu fíor is ea an séú ceann (mar atá sa sampla thuas), ach an naoú ceann nó an séú ceann déag freisin.



Agus tástáil réasúnaíochta teibí á dearadh, tá céimeanna sainiúla le tabhairt ag an dearthóir, mar atá:

1. Cinneann an dearthóir ar na cruthanna agus na patrúin a úsáidfear sna tástálacha. Bunaithe ar an tástáil shamplach thuas, abraimis go n-úsáidfimid cruthanna bunúsacha geoiméadracha (ciorcail agus cearnóga).





2. Ina dhiaidh sin, ní mór don dearthóir cinneadh a dhéanamh maidir le leibhéal deacrachta na tástála. An tábhacht atá leis sin go bhfuil coibhneas ag líon na rialacha (tríd is tríd) le deacracht na tástála.
3. Agus na rialacha agus na cruthanna/hoibríochtaí aitheanta agus tarraingthe, ní mór don dearthóir freagair-rogha cheart agus roinnt freagair-roghanna míchearta a cheapadh. An cleas nach mór cuimhneamh air anseo is ea nach bhfuil na freagair-roghanna míchearta randamach – leanann siad go léir rialacha na míre tástála a bheag nó a mhór, agus téann siad amú ansin ar bhealach amháin nó a thuilleadh d’aon turas, rud a fhágann go mbíonn siad *beagnach* ceart mar sin.



Cuimhnigh ar an mír shamplach thuas. Féadaimid na bloic thógála seo a leanas a aithint:

- **ciorcail** neamhscáthaithe
- **cearnóga** a chuimsíonn achair 3x3.



Seans gurb í bogadh na gciorcail an chéad riail a thabharfaidh tú faoi deara. D’fhéadfaimis an cur síos seo a leanas a thabhairt ar an méid sin:

Riail #1: Ceann i ndiaidh a chéile, bogtar na ciorcail ar deiseal.

Bunaithe ar an riail seo féadaimid teacht go sciobtha ar an bhfreagra ceart – arb é **rogha D** é.

Breathnaímis anois ar an gcaoi a bhféadfaimis an mhír tástála seo a dhéanamh ní ba dheacra.

Má bhreathnaíonn tú ar an mír shamplach thíos, tuigfidh tú láithreach gur cuireadh bloc tógála nua i láthair: **cearnóga scáthaithe**.





Sula dtabharfaimid faoin riail faoina rialaítear scáthú cearnóg áirithe a dhéanamh amach, tabhair faoi deara go bhfuil an riail a cheapamar thuas slán i gcónaí:

Riail #1: Ceann i ndiaidh a chéile, bogtar na ciorcail ar deiseal



Mar sin féin, níl sa riail seo aon mhíniú ar an bhfáth a bhfuil cearnóga scáthaithe le sonrú anois, mar go bhféadfadh a liacht íomhánna éagsúla ó na freagair-roghanna a bheith ceart. Ní mór dúinn an dara riail a aithint:

Riail #2: Bogtar an scáthú aon chéim amháin agus dhá chéim ar tuathal gach re seal.

Is í **rogha C** an t-aon fhreagair-rogha amháin a thagann leis an dá riail seo.

Tabhair faoi deara a chónagaráí agus atá rogha B don fhreagra ceart, ach baintear mí-úsáid d'aon turas as an dara riail inti.

Féadaimid an mhír tástála a dhéanamh níos deacra fós trí chomhpháirt bhreise eile a thabhairt isteach:



Tabhair faoi deara, arís eile, gurbh éigean gur tugadh isteach riail agus bloc tógala nua faoina rialaítear an fáth a bhfuil **ciorcal scáthaithe** ann. Féadaimid an tuairisc seo a leanas a thabhairt ar an rialtacht seo:

Riail #3: Déanfar ciorcail a sheas ar chearnóg scáthaithe a scáthú iad féin ar feadh seala.

Is í **rogha E** an t-aon fhreagair-rogha amháin a thagann leis na trí riail go léir.

Mar achoimre air sin, déanaimis forbhreathnú ar na teicnící a fhéadfaimid a úsáid le tuiscint níos feara a fháil ar phróiseas smaointeoireachta dhearthóir na míreanna tástálacha:

- Na bloic thógála atá le húsáid (cearnóga agus ciorcail neamhscáthaithe/scáthaithe) agus líon na rialacha faoina rialaítear a n-athrú a dhéanamh amach
- Freagair-roghanna a chur as an áireamh bunaithe ar na rialacha atá aitheanta againn

Patrúin agus Oibríochtaí

Agus na comhphárteanna bunúsacha de chuid tástálacha réasúnaíochta teibí feicthe againn mar aon leis a gcaoi a ndeantar iad, is mithid díriú ar na patrúin agus na hoibríochtaí éagsúla nach mór duit a bheith eolach fúthu agus a bheith in ann a aithint d'fhonn na tástálacha seo a réiteach go sciobtha agus go héifeachtúil.

Ar ndóigh, bheadh sé dodhéanta gach cruth agus patrún féideartha a mheas, ach féachfaimid le forbhreathnú cuimsitheach a dhéanamh sa chéad rannán eile.



Rothlú

Taispeántar i bhFíor 1 agus 2 ar an leathanach thall rothlú simplí 45° ar deiseal. Féadann tú an gnáthamh riachtanach maidir le rothluithe a aithint a thabhairt leat trí bhíthin am a chaitheamh le suí síos le píosa páipéir agus peann luaidhe, cruthanna éagsúla a tharraingt agus iad a tharraingt arís tar éis duit iad a rothlú céimeanna éagsúla i gceachtar treo, ar deiseal nó ar tuathal.





Léirítear sa sampla thíos cineál difriúil rothlaidhe. I dtéarmaí dochta geoiméadracha, ní rothlú é an gaol idir an dá fhíor in aon chor, ach ar mhaithe le héascaíocht, déanfaimid é a phlé sa rannóg seo.




Fíor 1

Fíor 2

Sa dá fhíor, bogtar ar deiseal na híocóin bheaga sna cearnóga beaga timpeall na cearnóige níos mó sa ;ár, ag glacadh áit an chéad cheann eile ar an gcaoi sin. Ar bhealach féadaimid a rá go “rothlaítear” na híocóin thar ciorcal samhailteach timpeall na cearnóige níos mó.

Frithchaitheamh Aiseach

Taispeántar sa dá shampla ar dheis an oibríocht geoiméadrach a dtugtar “frithchaitheamh aiseach” uirthi. Is ionann na línte caola idir an dá fhíor i ngach ceann den dá thacar agus scáthán samhailteach. Sa chéad tacar, is é an fhíor ar dheis frithchaitheamh na fíorach ar chlé sa “scáthán” sa lár agus *vice versa*. Siúd é sampla de fhrithchaitheamh cothrománach.



Frithchaitheamh ceartingearach

Frithchaitheamh cothrománach

Is ionann an dara tacar agus an frithchaitheamh ceartingearach, mar dhea. Cé go dtaispeántar sna samplaí an frithchaitheamh cothrománach taobh le taobh agus an frithchaitheamh ceartingearach le fíor amháin faoi bhun na fíorach eile ar mhaithe le léiriú, seans nárbh amhlaidh an cás é i bhfíorthástálacha i gcónaí.



Frithchaitheamh ceartingearach

Sa sampla ar chlé, is “frithchaitheamh” ceartingearach den fhíor ar chlé i gcónaí í an fhíor ar dheis, ach ní thagann an áit a suitear an dara fíor leis an áit a mbeadh sí i ndáiríre de réir téarmaí dochta geoiméadracha, is é sin le rá, faoi bhun na chéad íomhá – fágann an méid sin gur deacra an gaol idir an dá fhíor mar fhrithchaitheamh a mheas.

Is féidir leat cleachtadh a dhéanamh ar an gcaoi leis an oibríocht seo a aithint. Féadann tú aithint an oibríocháin seo a chleachtadh ar an mbonn cost-éifeachtúil a ndearnadh cur síos air thuas maidir le rothluithe de – níl uait ach páipéar, peann luaidhe agus go leor foighne.

Patrúin agus Inbhéartuithe

“Cé acu de na fíoracha seo a leanas an chéad fhíor eile sa tsraith?”

Sa sampla sa choirnéal uachtarach ar dheis ar an gcéad leathanach eile, cuirtear comhpháirt nua de bhloc tógála i láthair – patrúin. Tá trí cinn de na chéad chruthanna eile a bheidh idir lámha againn sa sampla:

- Réaltaí





- Ciorcail
- Rombais

... agus trí phatrún ar leith nó "líonta":

- Líonadh ar bith (nó líonadh bán soladach)
- Líonadh dubh soladach
- Líonadh liath soladach

Ag breathnú ar an tástáil shamplach, tugaimid faoi deara go bhfuil dhá "oibríocht" i gceist:

- Déantar ionad na gcruthanna i ngach fíor a bhabhtáil lena chéile de réir rialach faoi leith
- Athraítear patrúin (nó líonadh) na rombas agus na gciorcail de réir rialach faoi leith freisin
- Ní thagann athrú ar phatrún (ná ar líonadh) na réaltaí riamh

Tar éis a thuilleadh breathnóireachta, féadaimid na rialacha seo a leanas maidir leis na patrúin a leagan síos:

Riail #1a: Má tá líonadh liath sa rombas, athraigh go líonadh soladach dubh é sa chéad chéim eile. Má tá líonadh soladach dubh ann, athraigh go patrún liath é sa chéad chéim eile.

Riail #1b: Má tá líonadh liath sa chiorcail, athraigh go líonadh soladach bán é sa chéad chéim eile. Má tá líonadh soladach bán ann, athraigh go patrún liath é sa chéad chéim eile.



Riail #1c: Ná hathraigh patrún na réalta go deo.

Ar ndóigh tá go leor teaglamaí féideartha eile ann, lena mbaineann tuilleadh cineálacha patrún agus gaolta éagsúla eatarthu. Tugtar inbhéartú ar ghnáthchás eile freisin. Ina leithéid de thástálacha, iompraítear líonadh soladach datha gach crutha (dubh nó bán de ghnáth) ina mhalairt ghlan. Déanfar cruth ina bhfuil líonadh bán de gach cruth ina bhfuil líonadh dubh, agus a mhalairt ghlan.

Baineann an chomhpháirt eile dár riail don sampla thuas le hionaid na gcruthanna faoi mar atá siad i gcoibhneas a chéile. Pléifimid an méid sin sa chéad rannán eile.

Aistriú

Sa gheoiméadracht, is éard is aistriú ann oibríocht mar a mbogtar gach pointe crutha achar sainiúil i dtreo sainiúil. Sa sampla ar dheis, bogtar (nó "aistrítear") gach rinn de chuid an triantáin an t-achar céanna agus sa treo céanna, mar a léirítear leis an líne phoncaithe nó "veicteoir" a cheanglaíonn an dá chruth le chéile. Ní thaispeántar an veicteoir anseo ach chun críche léirithe agus ní bheadh sé infheicthe i bhfíorchleachtadh. Ní mór dúinn cuimhneamh go dtarlaíonn an bogadh ar uairibh feadh fíorchruth ar chuid den fhíor é:



Sa sampla ar chlé, bogtar an líne hanla ar tuathal timpeall na gcruthanna eile. Ní rothlú ná frithchaitheamh é an bogadh – ní hé ach go mbogtar pointí na líne hanla achar faoi leith i dtreo faoi leith le linn gach céim den tsraith. An freagra ceart mar sin cruth arb ionann é agus an ceann láir sa ró uachtarach.





Dála rothlaithe, tá chiall gheoiméadrach leis an téarma “aistriú” nach bhfuil chomh cruinn sin. Ag breathnú ar an gceist shamplach leis an réalta, an ciorcal agus an rombas, seans go dtabharfaimid faoi deara an riail seo a leanas faoina rialaítear an chaoi a suitear na trí chruth i bhfíoracha na sraithe.

Riail #2: Bog gach ceann de na trí chruth ionad amháin suas. Má tá an cruth san ionad ag an mbarr cheana féin, anois beidh sé san ionad ag an mbun san fhíor.

Sa sampla, scríosadh na sé fhreagair-rogha d’aon turas. Bunaithe ar an modh a ndearnadh cur síos air níos túisce sa chaibidil seo, beimid in ann an fhíor cheart a ghiniúint inár n-intinn bunaithe ar na rialacha a leagamar síos don tsraith (a chuirtear i láthair an athuair thíos ar mhaithe le héascaíocht).

Riail #1: “Má tá líonadh liath sa rombas, athraigh go líonadh soladach dubh é sa chéad chéim eile. Má tá líonadh soladach dubh ann, athraigh go patrún liath é sa chéad chéim eile. Má tá líonadh liath sa chiorcal, athraigh go líonadh soladach bán é sa chéad chéim eile. Má tá líonadh soladach bán ann, athraigh go patrún liath é sa chéad chéim eile. Fág patrún na réalta gan athrú i gcónaí.”

I gcúigiú mír na sraithe (an fhíor a bheidh in ionad an chomhartha cheiste), mar sin, beidh an ciorcal liath agus beidh an rombas soladach dubh. Fanfaidh an réalta bán.

Riail #2: “Bog gach ceann de na trí chruth ionad amháin suas. Má tá an cruth san ionad ag an mbarr cheana féin, anois beidh sé san ionad ag an mbun san fhíor.”

San fhíor atá uainn, beidh an rombas atá dubh anois sa ionad ag an mbun, beidh an ciorcal atá liath anois sa lár, agus beidh an réalta atá bán i gcónaí san ionad ag an mbarr.





Uillinneacha

Sa gheoiméadracht, is é an sainmhíniú a thugtar ar uillinn fíor a dhéantar le dhá líne a shíneann ón bpointe céanna. Sa gheoiméadracht shimplí, is iondúil go sainmhínítear uillinneacha mar uimhir ar bith atá níos mó ná nialas agus níos lú ná 360°.

Maidir le tástálacha réasúnaíochta teibí, ní mór dúinn a bheith eolach ar uillinneacha ar an iomad údar. I gcás rothluithe a aithint, is gnách go ndéantar an rothlú ar uillinn faoi leith: 45°, 90° (rud a dtugtar “dronuillinn” air freisin), 180°, nó 270°. Ar ndóigh, is féidir rothlú ar uillinn ar bith a dhéanamh, ach de bharr an deacrachta a bhaineann le huillinneacha “saincheaptha” (abair, 67°) a aithint, ní dócha go dtiocfaidh a leithéid de rothluithe chun cinn i dtástálacha réasúnaíochta teibí EPSO.

Agus “riail” á leagan síos do cheist tástála, ní mór dúinn cuimhneamh ar uillinneacha i gcónaí freisin.

Déan an sampla thíos a mheas:





Má bhreathnaimid ar na híomhánna sa tástáil shamplach thuas, feicimid fleasc in ionaid éagsúla. Tar éis a thuilleadh breathnóireachta, tabharfaimid faoi deara go bhfuil na fleascanna sa dara híomhá sa tríú agus na híomhánna eile níos faide anonn rothlaithe ar fiara faoi leith i gcomparáid leis an bhfleasc sa chéad fhíor. D'fhéadfaimis cur síos ar an rialtacht seo atá bunaithe ar uillinneacha ar an gcaoi seo a leanas:

Riail #1: Rothlaítear an fleasc timpeall pointe fosaithe mar atá 45 céim agus ansin 180 céim, agus ansin déantar aisfhilleadh ar an tsraith/déantar an timthriall in athuair.

Uimhríocht Amhairc

Uimhríocht amhairc is ea a thugtar ar uairibh ar an ngnáthchomhpháirt réasúnaíochta teibí dheiridh a phléifimid anseo.

Má bhreathnaimid ar an bhfíor a baineadh ó fhíorthástáil réasúnaíochta teibí, feicimid cearnóg mhór amuigh a bhfuil seacht gcearnóg níos lú feadh a sleasa. Tá an chearnóg ag an mbarr ar chlé dubh, agus tá cruthanna éagsúla sna cearnóga eile (ní bhaineann sé le hábhar ár gcuspóirí anois nach bhfuil cruthanna i ngach cearnóg). Céard í an riail faoina bhféadfadh an cineál crutha a bheadh i ngach ceann de na cearnóga bheaga a rialú? Teaicic amháin a fhéadaimid a leanúint i míreanna atá cosúil leo seo is ea líon na sleasa atá ag na cruthanna a chomhaireamh ar dtús.

Ar ndóigh, tá trí shlios ag an triantán, tá cúig cinn ag an bpeinteagán, agus sé cinn ag an heicseagán. Cé mhéad sleasa ar chóir dúinn a “shannadh” don chiorcal? Ná déanaimis imní de sin go dtí tamall ar ball.

An cheist eile atá le réiteach céard is siocair le cruth a bheith suite in ionad ar leith san fhíor. Beidh an comhaireamh ina chuidiú dúinn arís eile. Má dhéanaimid an fad (arna shainiú mar líon na gcearnóg) idir na cruthanna agus an chearnóg dhubh a chomhaireamh ar deiseal, is amhlaidh a thabharfaimid faoi deara go bhfuil an t-ionad mar a bhfuil an triantán, mar shampla, achar trí chéim uaithi, tá an t-ionad mar a bhfuil an peinteagán achar cúig chruth uaithi, agus mar sin de.

Anois féadaimid riail a aithint:

Riail #1: Rialaítear fad crutha in aon chearnóg ar leith de réir líon na sleasa atá ag an gcruth féin.

Ní mór cuimhneamh go bhféachtar leis i dtástálacha réasúnaíochta teibí EPSO, dála gach tástála dea-dheartha dá leithéid, iomas agus éirim an iarrthóra a thomhais ar bhonn físiúil (aithint cruthanna, patrún, agus mar sin de) agus ar bhonn loighiciúil araon (e.g. gaolta agus rialtachtaí uimhriúla a aithint).


Achoimre agus Modhanna Cleachtaidh

Sa chaibidil seo, rinneamar athbhreithniú ar ghnéithe éagsúla tástálacha réasúnaíochta teibí:

- Dearadh tástála, deacracht, rialacha agus seachránaitheoirí
- Bloic thógála: oibríochtaí, rialacha agus patrúin (rothlú, frithchaitheamh, uillinneacha, uimhríocht amhairc, agus mar sin de)

Anois déanaimis cúpla moladh maidir leis an gcaoi cleachtadh a dhéanamh.

- Má airíonn tú nach bhfuil luí agat le hoibríochtaí geoiméadracha (frithchaitheamh, rothlú, uillinneacha, etc.), ba cheart duit suí síos agus oibriú le píosa páipéir agus peann luaidhe. Tarraing cruthanna éagsúla agus déan oibríochtaí orthu go dtí go mbeidh tú ar do chompord leo agus go mbeidh tú in ann rothlú 90° ar deiseal ar chruth casta a aithint i gcúpla soicind.
- A luaithe is a bheidh tú taithíoch ar na gnáthrialacha agus na gnáthoibríocháin go léir, faoi mar a shonraítear thuas iad, tosaigh ar na ceisteanna tástála i gcéad chaibidil eile an leabhair seo a chleachtadh.
- Ó bhaineann tástálacha réasúnaíochta teibí go léir le cruthanna, tá sé mós tábhachtach tabhairt faoi aithris a dhéanamh ar infreastruchtúr an scrúduithe agus tú ag cleachtadh – réachtálfar an scrúdú EPSO ar ríomhaire, rud a fhágfaidh go mbeidh an scrúdú níos deacra (agus níos aistí) a dhéanamh ná tástáil phaipéar-bhunaithe mar ar féidir leat scríoblaíl ar an bpáipéar (ainneoin go dtabharfar fuíollphaipéar duit san ionad scrúdaithe).





Má tá fáil agat ar a leithéid de sheirbhísí, déan iarracht cleachtadh a dhéanamh ar líne freisin.

Tá sé tábhachtach freisin cur chuige córasach a fhorbairt nuair atáthar ag dul i ngleic le tástálacha réasúnaíochta teibí. Déantar achoimre thíos ar chur chuige amháin a mholtar:

1. Caith sracfhéachaint sciobtha ar an tsraith fíoracha. Ná caith am ag breathnú ar na freagair-roghanna ag an bpointe seo.
2. Téigh trí gach riail, oibríocht agus patrún ar chuir tú eolas orthu agus tú i mbun cleachtaidh agus déan iarracht iad a chur i bhfeidhm ar an tsraith fíoracha. Bunaithe ar shracfhéachaint a chaitheamh ar na fíoracha, tosaigh leis an gceann a bhfuil an chuma air, de réir d'iomais féin, go bhfuil an gealladh is mó faoi.
3. Má cheapann tú go bhfuil an riail nó na rialacha faoina rialáítear an cleachtadh aimsithe agat, déan iarracht an freagra fíorach a ghiniúint i d'intinn nó sceitse a tharraingt ar pháosa fuíollpháipéir.
4. Breathnaigh ar na freagair-roghanna a chuirtear/atá curtha ar fáil agus déan iad a phéireáil leis an gceann a chum tú féin. Má tá mír tástála bunaithe ar an iomad rialacha, seans go mbeidh tú in ann ceann amháin nó péire de na freagair-roghanna a chur as an áireamh bunaithe ar an gcéad riail amháin. Más féidir leat déanamh amhlaidh, is féidir leat coinneáil ort ag cuardach an dara riail agusgus tú ag obair le sraith níos lú freagair-roghanna – rud a chuirfidh dlús leis an bpróiseas, riail amháin san iarraidh.
5. Má tá péireáil aimsithe agat (agus díreach ceann amháin), is féidir leat í a mharcáil mar fhreagra ceart. Mura bhfuil péireáil ar bith, nó má tá an iomad péireálacha le do riail/rialacha, is dócha go bhfuil fabht ann/iontu. Cuir do riail i bhfeidhm ar gach fíor sa tástáil – is dócha go gcaithfidh an méid sin léas ar an bhfabht, rud ar féidir leat a cheartú ansin agus freagra fíorach nua, agus atá ceart, tá súil agat, a ghiniúint i d'intinn.
6. Agus tú ag cleachtadh, b'fhéidir go gcuimhneofá ar gach smaoinemh agus céim do gach cleachtadh a scríobh ionas go ndéanfaidh tú cinnte de go bhfuil tú ar an eolas faoin loighic agus na rialacha atá i gceist.

Sa chéad chaibidil eile tá réamhchleachtadh iomlán inar féidir leat an chaoi ar oibríodh amach 20 ceist a leanúint, ar ceistanna iad ina léirítear rialacha agus oibríochtaí éagsúla. Ansin i gcaibidil 11 beidh tacar iomlán de cheistanna réasúnaíochta teibí ar féidir leat a úsáid le do luas agus do chruinneas a fheabhsú.



